



An Roinn Oideachais
Department of Education

Dréachtchlár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí: Cumarsáid agus Litearthacht Réimse curaclaim agus modúl

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2024.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Clár Ábhar

Réamhrá	2
Réasúnaíocht	2
Leanúnachas agus dul chun cinn	3
Teagasc agus foghlaim	3
Modúl: Cumarsáid a Iniúchadh	4
Modúl: Rannpháirtíocht a Chur Chun Cinn	5
Modúl: Léitheoireacht a Iniúchadh	6
Modúl: Léiriú trí Scríbhneoireacht	7

Réamhrá

Cuimsíonn Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SS) roinnt réimsí curaclaim, gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus, Sruthanna Roghnacha.

Cuimsítear ceithre mhodúl leis an réimse curaclaim Cumarsáid agus Litearthacht. Tá sé deartha le haghaidh íoslíon de 240 uair den teagasc/den fhoghlaim thar thréimhse dhá bhliain. Deartar gach modúl agus tuairim is 60 uair an chloig teagasc/teagmhála ranga i gceist.

Teideal modúil	Am molta in uaireanta an chloig
Cumarsáid a Iniúchadh	60
Rannpháirtíocht a Chur Chun Cinn	60
Léitheoireacht a Iniúchadh	60
Léiriú trí Scríbhneoireacht	60

Réasúnaíocht

Tá cumarsáid agus litearthacht mar chrann taca ag an bhfoghlaim ar fad agus déanann na príomhinniúlachtaí seo cinnte de gur féidir leis an scoláire idirghníomhú le daoine eile agus ciall a bhaint as an saol. Is réamhriachtanais iad seo le haghaidh maireachtáil neamhspleách tá an cumas chun cumarsáid a dhéanamh fite go smior i bhfolláine, i sonas agus i bhféinmhuinín an scoláire. Díríonn cumarsáid ar cheangal le daoine eile trí théacs, ó bhéal agus teanga scríofa, agus córais comharthaí eile amhail matamaitic, ealaín, fuaim, pictiúir, Braille agus teanga chomharthaíochta. Díríonn litearthacht ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus ar an bpróiseas a bhaineann le ciall a bhaint as téacs.¹

Cuireann forbairt chumarsáid agus litearthacht an scoláire le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus an bealach eile thart. Nuair a tharlaíonn se seo, tacaítear leis an bhfoghlaim ar fad ar fud na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt na scileanna tábhachtacha chun cinn, scileanna don saol atá riachtanach do neamhspleáchas an scoláire. Baineann an scoláire leas as seo ar go leor bealaí le linn dó a bheith ag déanamh dul chun cinn i gconairí foghlama, i saol na hoibre agus i saol an duine fhásta.

¹ Is ionann téacs agus gach modh cumarsáide amhail: ó bhéal, gothaí, comharthaí, scríobh, amharc, modhanna leictreonacha agus digiteacha.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá sé mar aidhm ag an réimse curaclaim seo teanga, cumarsáid, agus scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta an scoláire a chur chun cinn, chun tacú le hidirghníomhú, feabhas a chur ar fhorbairt teanga agus chun níos mó neamhspleáchais a chur chun cinn. Tá sé deartha chun na scileanna cumarsáide agus litearthachta a dhaingniú agus a chur chun cinn, na scileanna a d'fhorbair an scoláire trí an tsraith shóisearach, agus sna hAonaid Foghlama Tosaíochta Leibhéal 2, chomh maith le braistint ghaisce agus mhuiníne a chur ar fáil don scoláire maidir lena fhoghlaim féin. Tugtar deiseanna don scoláire léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir an fhoghlaim a fuarthas sna modúil seo a nascadh leis an réamhfhoghlaim, agus le modúil agus ábhair eile. Cuirfidh an scoláire a fhoghlaim i bhfeidhm i modúil eile amhail sna healaíona, litearthacht dhigiteach agus in OSPS. Cuidíonn sé seo le foghlaim a dhaingniú agus a aistriú agus cumas an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid ar déanamh ar réimse bealaí. Tacaíonn sé seo leis an scoláire tar éis na scoile le linn dó a bheith ag aistriú chuig seirbhísí d'aoisigh, breisoideachas agus/nó gairmeacha.

Teagasc agus foghlaim

Tacaíonn an réimse curaclaim seo le hidirghníomhaíochtaí feabhsaithe, forbairt teanga agus cuireann sé níos mó neamhspleáchais chun cinn. Ba cheart go bhfaigheadh an scoláire taithe ar théacsanna agus íomhánna éagsúla, atá fiúntach agus ábhartha dá shaol laethúil. Cuirfidh an scoláire a scileanna cumarsáide agus litearthachta i bhfeidhm chun freastal ar éilimh laethúla i gcásanna fíorshaoil. D'fhéadfadh roinnt scoláirí teicneolaíocht oiriúnaitheach a úsáid chun tacú lena chumarsáid agus d'fhéadfadh scoláirí eile áiseanna cumarsáide breisithí nó malartaí (AAC) a úsáid. Aithnítear sa réimse curaclaim seo freisin, nádúr theicneolaíochta na faisnéise agus na cumarsáide agus go leor foirmeacha eile de léiriú a bhaineann leis an scoláire, lena n-áirítear cumarsáid bunaithe ar scáileán. Is féidir foghlaim an scoláire a fhorbairt tuilleadh le deiseanna chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa seomra ranga.

Modúl: Cumarsáid a Iniúchadh

Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil seo chun cur ar chumas an scoláire tuiscint a bheith aige go bhféadfadh cumarsáid a bheith le feiceáil in go leor foirmeacha. D'fhéadfadh go gcuimseofaí comharthaíocht choirp léi, chomh maith le gotha gnúise, agus tuin an ghutha. Déanann an scoláire iniúchadh ar luach a chur chuige féin, ar luach a ghníomhartha agus a ghothaí agus an tábhacht a bhaineann le mothúcháin agus riachtanais a chur in iúl. Nuair a fhréamhaítear na samplaí seo i gcomhthéacsanna fíorshaoil, tacaítear le tuiscint an scoláire at chumarsáid agus éascaíonn sé aistriú an eolais agus na tuisceana i gcásanna lasmuigh den seomra ranga.

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

Cumarsáid neamhbhriathartha

Foghlaimíonn an scoláire go bhféadfadh cumarsáid teacht chun cinn trí úsáid a bhaint as comharthaíocht agus siombailí amhail bratacha, dathanna, áiseanna amhairc, leideanna, emojianna, cláir rogha nó leideanna amhairc.

- a. Réimse modhanna cumarsáide neamhbhriathartha a úsáid
- b. Tuiscint agus cumas a léiriú chun cumarsáid neamhbhriathartha agus neamhscríofa a úsáid agus chun freagairt don chumarsáid chéanna
- c. Úsáid na cumarsáide neamhbhriathartha a léiriú chun mothúcháin a léiriú agus a roinnt.
- d. Úsáid na cumarsáide neamhbhriathartha a léiriú chun tuiscint ar mhothúcháin daoine eile a chur in iúl.
- e. Treoracha agus treoir neamhbhriathartha a leanúint.
- f. Amharc sa tsúil a thosú, páirt a ghlacadh in amharc sa tsúil nó é a choinneáil nuair a labhraítear leis nó aird a léiriú i gcásanna eile

Cumarsáid a dhéanamh le daoine eile

Foghlaimíonn an scoláire an tábhacht a bhaineann le haird a dhíriú ar dhaoine agus freagairt dóibh. Tacaítear leis an scoláire anseo maidir lena rannpháirtíocht le daoine eile ar bhealach cuí agus fiúntach.

- g. Páirt a ghlacadh in obair bheirte, obair ghrúpa agus i bplé sa seomra ranga
- h. Ceisteanna a chur chun tasc a chur chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun tasc a chur chun cinn nuair atáthar ag obair mar chuid de ghrúpa.
- i. Feasacht a mhéadú ar ghnásanna sóisialta cuí i ngach idirghníomhaíocht
- j. Tuiscint a léiriú trí fhreagairt do scéalta daoine eile.
- k. Athruithe i stíleanna teanga agus i dtuin a shainithint ag brath ar an gcaidreamh agus ar an lucht éisteachta
- l. Idirdealú a dhéanamh idir teanga fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta.
- m. Tuiscint a léiriú trí threoracha, iarratais, agus mínithe a leanúint
- n. Scéal a chur i láthair do ghrúpa ach úsáid a bhaint as seicheamhú agus/nó stór focal ó bhéal agus/nó tacaíochtaí amhairc

Modúl: Rannpháirtíocht a Chur Chun Cinn

Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil seo chun cur ar chumas an scoláire tuiscint a bheith aige go bhféadfadh rannpháirtíocht agus féinléiriú a bheith in go leor foirmeacha. Cuirtear an scoláire ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le bheith rannpháirteach nó le héisteacht go haireach, mar eilimint bhunúsach de chumarsáid dhearfach le daoine eile.

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

A bheith rannpháirteach go haireach

An tábhacht le bheith rannpháirteach le bheith i d'éisteoir éifeachtach, an chaoi chun éisteacht go haireach agus chun freagra a chur ar fáil.

- a. Éisteacht le daoine eile agus aire a léiriú trí fhreagra a thabhairt
- b. Soiléireacht a iarraidh, nó dúshlán dhearthaí agus tuairimí duine eile a thabhairt
- c. Cur leis an méid a dúradh cheana
- d. Freagra cuí a chur ar fáil maidir le ráiteas nó ceist
- e. Ciall a bhaint as comhrá agus freagra a chur ar fáil
- f. Ceist(eanna) a chur chun tuiscint agus eolas an scoláire féin a fheabhsú
- g. Cur i láthair a dhéanamh do phiaraí faoi ábhar spéise nó labhairt os comhair lucht éisteachta.

Féinléiriú

Tacaítear leis an scoláire chun é féin agus a roghanna a chur in iúl go sóisialta, agus ar bhealach atá feiliúnach dó féin. Cabhraíonn sé seo leis an scoláire cur lena eolas, scileanna agus páirt a ghlacadh i bhfiosrú féindírthe.

- h. Riachtanais phearsanra agus mothúcháin a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh
- i. Caithimh aimsire nó spéiseanna a chur in iúl i suíomh foirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- j. Mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl i ndíospóireachtaí beirte nó grúpa
- k. Rogha phearsanta a chur in iúl agus réasúnaíocht a thabhairt maidir leis an tuairim sin
- l. Tuairim eolach a thabhairt nó barúil a chur in iúl faoi obair duine eile
- m. Freastal ar mhothúcháin agus tuairimí daoine eile agus freagairt dóibh go haireach
- n. A bheith ar an eolas maidir le cén chaoi chun cúnaimh agus comhairle a iarraidh nó gearán a dhéanamh ar bhonn pearsanta nó ar líne agus go muiníneach

Modúl: Léitheoireacht a Iniúchadh

Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil ná go bhfeicfeadh an scoláire iad féin mar léitheoirí agus chun páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sásamh a bhaint aisti. Tuigfidh an scoláire go bhfuil réimse cuspóirí ag baint leis an léitheoireacht. Glacann an scoláire páirt i dtéacsanna i réimse formáidí atá feiliúnach don scoláire, amhail leabhair nach téacsleabhair iad, leabhair amhairc, closleabhair, léamh le cúnamh ó theicneolaíocht oiriúnaitheach, aipeanna, irisleabhair, nóibhillí, úrscéalta grafacha, ailt i nuachtán nó postálacha ar na meáin shóisialta.

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Ag léamh ar mhaithe le pléisiúr

Tacófar leis an scoláire i léitheoireacht trí stór focal nua a shainaithint agus a úsáid agus leas a bhaint as comhthéacs, a fhorbróidh a mhuinín i léitheoireacht, rud a chuireann a neamhspleáchas chun cinn.

Léitheoireacht chun rochtain a fháil ar eolas

Tá eilimint fheidhmeach ag baint leis an modúl seo, de bharr go bhfaighidh an scoláire eolas ó fhoirmeacha laethúla amhail cláir ama, billí, foirmeacha iarratais, suíomhanna gréasáin, oidis, eolas pearsanta, cruinnithe nó oidis dochtúra.

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

- a. É féin a shainaithint mar léitheoirí
- b. A aithint gur féidir rud a léamh ar mhaithe le pléisiúr nó chun eolas a fháil
- c. Píosa léitheoireachta a roghnú go neamhspleách
- d. Tuairimí a chomhroinnt ar pháosa léitheoireachta agus chun éisteacht le tuairimí daoine eile
- e. Íomhánna atá in éindí leis an ábhar léitheoireachta a shainaithint agus iad a úsáid chun tuiscint agus sásamh as an téacs a éascú
- f. Stór focal nua a shainaithint ó léitheoireacht agus é a cheangal leis an stór focal atá aige cheana
- g. Cuir le líofacht na léitheoireacht feidhmiúla
- h. Úsáid a bhaint as meicnic na léitheoireachta chun stór focal, patrúin, fuaimniú, gramadach agus litriú a chuimsiú
- i. Gnásanna bunúsacha téacs a thuiscint agus a chur i bhfeidhm chun tuiscint agus tacaíocht a éascú agus chun léitheoireacht a chur chun cinn.
- j. Foirmeacha feidhmiúla laethúla a léamh agus a thuiscint
- k. Eolas ábhartha nó príomhphointí ó théacs a shainaithint agus a fháil
- l. Úsáid a bhaint as foclóir nó teasáras chun ciall na bhfocal a sheiceáil nó chun focal nua a chuardach
- m. Príomhstraitéisí léitheoireachta a chur i bhfeidhm agus iad a úsáid i gach píosa léitheoireachta agus chun focail a thuiscint
- n. Tuartha, fuaimeanna agus straitéisí díchódaithe a úsáid chun gach léamhthuiscint a éascú
- o. Ciall na bhfocal a shoiléiriú ach comhthéacs a úsáid, iarraidh ar dhaoine eile nó aipeanna ar líne a rochtain amhail foclóir nó teasáras.

Modúl: Léiriú trí Scríbhneoireacht

Tuairisceoir modúil

Is é aidhm an mhodúil seo ná go ndéanfaidh an scoláire iniúchadh ar théacsanna scríofa chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile amhail ríomhphost, téacs, blog nó postáil ar líne. Aithníonn an scoláire go dtacaíonn gnásanna bunúsacha scríbhneoireachta agus gramadaí le cumarsáid scríofa éifeachtach.

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

Gnásanna scríbhneoireachta

Déanfaidh an scoláire cumarsáid go foirmeálta amhail gearán a dhéanamh, buíochas a chur in iúl, fiosrúchán a dhéanamh nó coinne a chun in áirithe.

- a. Príomhghoirmeacha téacs a shainithint, agus d'fhéadfadh an téacs a bheith scríofa i mBraille, d'fhéadfadh sé a bheith tadhlach, comharthach, leictreonach agus digiteach
- b. Úsáid a bhaint as bun-ghramadach amhail camóga, poinc, ceannlitreacha, uaschamóga chun tacú le píosaí scríofa
- c. Obair a cheartú le tacaíocht le haghaidh litriú agus gramadach
- d. Formáid chuí a roghnú le haghaidh cumarsáid scríofa le daoine eile i réimse comhthéacsanna
- e. Gnásanna bunúsacha téacs a thuiscint agus a chur i bhfeidhm chun tacú le scríbhneoireacht agus í a chur chun cinn
- f. Píosa scríbhneoireachta foirmeálta a chumadh
- g. Úsáid a bhaint as struchtúr amhail réamhrá, pointe tacúil/pointí tacúla agus/nó conclúid le tacaíochtaí i scríbhneoireacht fhoirmeálta

Scríbhneoireacht neamhfhoirmeálta

Cuirtear neamhspleáchas an scoláire chun cinn tuilleadh ach tascanna scríofa a dhéanamh amhail a bheith ag scríobh chuig cairde, liosta siopadóireachta nó oideas a chruthú, comhábhair a liostú nó foirmeacha iarratais a chomhlánú.

- h. Píosa scríbhneoireachta neamhfhoirmeálta a chumadh
- i. Ríomhphost, teachtaireacht nó téacs neamhfhoirmeálta a chumadh
- j. Úsáid a bhaint as struchtúr amhail beannú, teachtaireacht, clabhsúr a chur leis le haghaidh téacs neamhfhoirmeálta
- k. Liosta struchtúrtha a scríobh
- l. Foirm(eacha) ar líne a íoslódáil agus a chomhlánú
- m. Curriculum Vitae gearr a chruthú nó teimpléad a chomhlánú.



An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.